# Coláiste Naomh Feichín
# Corr na Móna
# Co. na Gaillimhe

## Polasaí Obair Bhaile & Dialann Scoile

**Baineann an Polasaí le**

Scoláirí, Príomhoide, Bainistíocht na Scoile, Bord Bainistíocht, Múinteoirí, Tuismitheoirí/Caomhnóirí, agus Foireann Tacaíochta na Scoile.

**Obair Bhaile**

Is ionann Obair Bhaile agus aon obair scríofa, foghlamtha nó taighde a thugann an múinteoir le déanamh taobh amuigh d'am scoile. Cuirtear béim ar Obair Bhaile sa scoil mar chuid d'fhorbairt oideachasúil an scoláire.

**Cúis**

Chun leanúnachas oibre a chinntiú ionas go mbeidh an fhorbairt is fearr á dhéanamh ag scoláirí na scoile.

**Aidhmeanna**

- Go mbeidh deis ag an scoláire athbhreithniú agus athneartú a dhéanamh ar obair an lae.
- Go mbeidh ullmhúchán déanta do cheachtanna an lá dár gcionn
- Taithí a fháil ar cheisteanna a fhreagairt mar a bheidh ar Pháipéir Scrúduithe.
- Breis eolais a aimsiú agus scileanna taighde a fhorbairt i scoláirí.
- Aiseolas a thabhairt don scoláire/tuismitheoir ón mhúinteoir ar chaighdeán na foghlama.

**Sainmhíniú Obair Bhaile**

- Séard atá i gceist le Obair Bhaile – dul siar ar an obair ranga
  – obair foghlamtha
  – obair scríofa
  – Réiteach cúramach don lá scoile dár gcionn
- Má dhéantar na rudaí thuasluaite i gceart, beidh, mar thoradh ar seo, ná go n-éireodh níos fearr le daltaí bealaí maithe foghlama a fhorbairt a chabhródh leo dul chun cinn acadúil a dhéanamh.

**Treoir Ama do dhaltaí agus do thuismitheoirí ar fhad Obair Bhaile:**
Tugtar na scálaí ama seo a leanas mar threoir do dhaltaí agus do thuismitheoirí/chaomhnóirí maidir leis an méid ama ba chóir do dhalta a chaitheamh ag staidéar sa bhaile i rith na seachtaine agus ag an deireadh seachtaine.

| Gach Oíche | Gach Deireadh Seachtaine |
|---|---|
| Bliain 1 – 1 - 2 Uair | 4 Uair |
| Bliain 2 – 2.5 Uair | 5 Uair |
| Bliain 3 – 3 Uair | 8 Uair |
| Idirbhliain – 2 Uair *ach obair solúbtha agus éagsúla anseo | 2 Uair |
| Bliain 5 – 3.5 Uair | 8 Uair |
| Bliain 6 – 4 Uair | 8++ Uair |

**Díláithreas ón Rang**
Má bhíonn scoláire as láthair ón rang de bharr tinnis nó gníomhaíochtaí seach-churaclaim, tá an fhreagracht ar an scoláire teacht suas leis an obair atá caillte. Níor cheart gníomhaíochtaí seach-churaclaim a úsáid mar leithscéal gan obair a dhéanamh. Má tá imní ar dhalta, ba chóir dó/di dul i gcomhairle leis an múinteoir ábhair. I gcás asláithreachtaí níos faide nó neamhphleanáilte, ba chóir don dalta agus/nó don tuismitheoir dul i gcomhairle leis an bpríomhoide le haghaidh comhairle.

**Smachtbhannaí**
Socraíonn na múinteoirí ábhair tascanna obair bhaile agus spriocdhátaí agus ní mór cloí leo. Déileálfar le heaspa comhoibrithe na daltaí ar bhealaí éagsúla, mar shampla:

- Ceartú ó bhéil
- Nóta Scríofa
- Féadfaidh Múinteoir Aonair an dalta a choinneáil ag am sosa go dtí go mbeidh an obair críochnaithe
- Smachtbhannaí socraithe ag an múinteoir
- Plé le daltaí
- Comhráite le tuismitheoirí ar an nguthán / trí litir / trí chuairt ar scoil.
- I gcásanna ina ndéantar neamhaird leanúnach ar rialacha na scoile maidir le hobair bhaile agus dialanna, seolfar litir abhaile chuig na tuismitheoirí ag meabhrú dóibh an fhreagracht atá orthu Dialann Scoile a bpáistí a sheiceáil agus tabharfar treoir dóibh ar straitéisí maithe don staidéar agus obair bhaile.

**Freagrachtaí an Bhoird Bainistíochta**

- A chinntiú go ndéantar polasaí a dhréachtú agus a mheasúnú
- Beartas a fhaomhadh agus tacú lena fheidhmiú

**Freagrachtaí an Phríomhoide, an Phríomhoide Ionaid agus Bainistíocht na Scoile**

- Tacú le cur i bhfeidhm polasaí agus monatóireacht a dhéanamh air
- Tacú le forbairt scileanna staidéir na scoláirí
- Tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí ina n-idirghníomhú le daltaí maidir le neamhchomhlíonadh obair bhaile.

**Freagrachtaí na dTuismitheoirí/Chaomhnóirí**

- Tá freagracht thábhachtach mhaoirseachta ar thuismitheoirí a chinntiú go ndéantar an obair bhaile go rialta, go cúramach agus gan aon seachrán.
- Ba chóir do thuismitheoirí an tacaíocht riachtanach a sholáthar leis an obair bhaile a dhéanamh
- Dialann Scoile a sheiceáil agus a shíniú go seachtainiúil
- Timpeallacht oiriúnach staidéir a sholáthar, saor ó ghléasanna teicneolaíochta don obair bhaile.
- Féachaint chuige go gcaithfear go leor ama ar an obair bhaile agus go gcuirtear an obair bhaile i gcrích
- Más rud é, ar chúis cuí ar bith, nach bhfuil scoláire in ann an obair bhaile a dhéanamh, beidh nóta mínithe ag teastáil agus tá meas air.

**Freagrachtaí na nDaltaí**

- Caithfidh na scoláirí a Dialann Scoile a bheith sa rang i gcónaí.
- Ba chóir an Dialann scoile a chur ar an deasc ag tús na ranga
- Feictear an dialann scoile mar leabhar scoile.
- Ba cheart na tascanna obair bhaile ar fad a thaifeadadh ag deireadh na ranga agus iad a chur isteach sa Dialann Scoile
- Tá freagracht ar na scoláirí an obair bhaile a dhéanamh, a gcuid oibre a chur i láthair i gceart agus comhoibriú lena múinteoir.
- Ní mór do scoláirí a dtascanna a chur i gcrích go cúramach agus in am
- Iarrtar ar na scoláirí a ndícheall a dhéanamh i gcónaí.
- Ní mór do dhaltaí atá as láthair ón scoil ar chúis ar bith teacht suas le haon obair don lá/laethanta a raibh siad as láthair

**Freagrachtaí an Mhúinteora**

Feiceann múinteoirí an tábhacht a bhaineann le hobair bhaile suntasach agus oiriúnach. Ardaíonn gnóthachtáil na scoláirí go suntasach nuair a thugann múinteoirí obair bhaile go rialta agus nuair a chríochnaíonn na scoláirí a gcuid oibre go coinsiasach.

- An polasaí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm
- Obair bhaile a thabhairt, tabhair aiseolas don dalta agus taifead an obair bhaile atá leagtha amach.
- Leag amach ionchais dá ranganna
- Déan an obair bhaile go soiléir agus scríobh an obair bhaile ar an gclár bán ag deireadh gach ranga agus tabhair dóthain ama do na scoláirí leis an obair bhaile a chlárú ina Dialann Scoile.
- Ceartófar obair bhaile go rialta
- Dea-nósanna staidéir a spreagadh agus a mhúineadh
- Aiseolas cuiditheach a sholáthar
- Cúnamh a thabhairt de réir mar is gá
- Moladh agus spreagadh a thabhairt
- Cumarsáid a dhéanamh le tuismitheoirí trí úsáid a bhaint as an Dialann Scoile i gcásanna nach mbíonn an obair bhaile críochnaithe.

## Dialann Scoile

- Caithfidh gach scoláire Dialann oifigiúil Obair Bhaile a bheith aige/aici, áit a gcaithfidh siad sonraí Obair Bhaile a scríobh go laethúil i nGaeilge.
- Ba chóir do Thuismitheoirí/Caomhnóirí a chinntiú go bhfuil an Obair Bhaile déanta gach oíche agus an Dialann a shíniú gach seachtain.
- Mura mbíonn an Obair Bhaile déanta, is gá nóta a bheith sa Dialann sínithe ag Tuismitheoir/Caomhnóir.
- Ní ghlacfar leis an leithscéal gur fhág an scoláire cóipleabhar/leabhar sa bhaile.
- Má tá scoláire gafa le h-imeachtaí eis-churaclam tá sé de dhualgas air/uirthi an Obair Bhaile a fháil agus é a dhéanamh.
- Caithfear an Cód Smachta a leanacht má bhíonn scoláire a bhíonn gan Obair Bhaile go minic.
- Is féidir le Múinteoirí, Múinteoirí Ranga agus Tuismitheoir/Caomhnóirí nóta a scríobh sa Dialann.

- Tá Polasaithe Scoile, &rl. sa Dialann freisin. Ní mór do thuismitheoiri/ caomhnóirí an Polasaí Cód Iompair a léamh le'na ngasúr agus don dá dream é a síniú i dtús gach scoilbhliain.

- Má imíonn an Dialann amú i rith na scoilbhliana, cosnóidh ceann nua €10.

**Tréimhse Staidéir taréis Scoile**

Cuirtear Tréimhse Staidéir eagraithe ar fáil cheithre thráthnóna gach seachtain (Luan - Déardaoin) ó 4.15 go 6.00 i.n. dóibh siúd atá á iarraidh ar phraghas réasúnach.

**Cur i bhfeidhm agus Monatóireacht**

- Múinteoirí ábhair go laethúil mar ghnáthchuid dá gcuid cúraimí teagaisc.
- Déanfar plé ar chaighdeán an Obair Bhaile ag Cruinniú Múinteoirí/ Tuismitheoirí
- Déanfaidh múinteoir taifead ar mheasúnú ar Obair Bhaile.
- Déanfar tagairt do chaighdeán an Obair Bhaile i ngach Tuairisc faoin scoláire a chuirtear abhaile.

**Athbhreithniú**

Déanfar athbhreithniú ar an bPolasaí Obair Bhaile & Dialann Scoile gach trí bliana nó níos túisce más gá.

Sínithe: Tomás Ó Ceisdealbhá Dáta: 15/3/2022

Cathaoirleach, Bord Bainistíocht
Coláiste Naomh Feichín